COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

E00167294

Foirm Iarratais do Chustaiméirí Nua

Comhlánaigh an fhoirm seo i mBLOCLITREACHA.

NÓTA – Ní foirm cheannaigh táirge é seo. Más custaiméir tú cheana féin agus más mian leat táirge breise a cheannach, tabhair cuairt ar statesavings.ie nó ar d'oifig phoist áitiúil.

PAINÉAL A | SONRAÍ AN CHUSTAIMÉARA Tá gach réimse marcáilte * éigeantach.

Teideal*

An tUasal ☐ Bean ☐ Iníon ☐ Ms ☐ Mx ☐

Céadainm*

Ainm Láir

Sloinne*

UPSP*

Dáta breithe * L L M M B B B B

Uimhir Theileafóin Teagmhála *

Seoladh - Líne 1*

Seoladh - líne 2

Cathair/Baile*

Contae*

Tír*

Éirchód

Seoladh Ríomhphoist*

PAINÉAL B | CÉN TÁIRGE ATÁ I GCEIST AGAT A CHEANNACH NUAIR A BHEIDH TÚ I DO CHUSTAIMÉIR COIGILTIS STÁIT NA hÉIREANN? Cuir tic mar is cuí.

A) Duaisbhannaí ☐

Má roghnaítear A) thuas comhlánaigh Painéil D,E, agus G.

Nóta Níl Painéal G le comhlánú ach amháin más Mionaoiseach é/í an t-iarratasóir (faoi bhun 18 mbliana d'aois). *Má tá tú ag ceannach Duaisbhannaí mar bhronntanas, ní gá duit an fhoirm seo a chomhlánú. Bain úsáid as an bhFoirm Iarratais ar Bhronntanas Duaisbhannaí ar leith atá ar fáil ag Oifig an Phoist nó ar Líne.*

B) Táirge Coigiltis Stáit na hÉireann Eile ☐
(Dlúthpháirtíochta Náisiúnta, Teastais Choigiltis, Bannaí Coigiltis, Tráthchoigilteas, Cúram Leanaí Plus, Sábháil Pinsin)

Má roghnaítear B) thuas comhlánaigh Painéil C, D, E, F agus G.

Nóta Níl Painéal F agus G le comhlánú ach amháin más Mionaoiseach é/í an t-iarratasóir (faoi bhun 18 mbliana d'aois).

PAINÉAL C | SONRAÍ CUSTAIMÉARA BREISE Ná comhlánaigh an chuid seo ach amháin má roghnaíodh 'B) Táirge Coigiltis Stáit na hÉireann Eile' i bPainéal B.

Tabhair do d'aire le do thoil go bhfuil an fhaisnéis seo bunriachtanach le go mbeimid in ann d'iarratas a phróiseáil, féach pointe 3.2 sna nótaí chun teacht ar mhionsonraí maidir le do chuid sonraí a bhailiú agus a phróiseáil.

Tír bhreithe*

Náisiúntacht*

Stádas Fostaíochta*

Fostaí Lánaimseartha ☐ Fostaí Páirtaimseartha ☐ Cúramaí baile ☐
Féinfhostaithe ☐ Ar scor ☐ Mac léinn ☐ Dífhostaithe ☐

Cineál Tionscail Fostaíochta*

Glanioncam Míosúil Measta* €

PAINÉAL D | DEARBHÚ AGUS SÍNIÚ CUSTAIMÉARA Cuir Síniú agus Dáta leis.

Léigh mé/muid agus Glacaimid leis na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta agus na Coinníollacha Sonracha lena n-áirítear úsáid UPSP an Chustaiméara. Tá ár dTéarmaí agus Coinníolacha le fáil ag statesavings.ie nó i d'Oifig Poist áitiúil.

Síniú* X

Date* L L M M B B B B

PAINÉAL E | SEICLIOSTA DON DOICIMÉADÚCHÁN A THEASTAÍONN DO CHUSTAIMÉIRÍ COIGILTIS STÁIT NUA Féach na nótaí thall.

Foirm Iarratais Comhlánaithe do Chustaiméirí Nua ☐	**Cruthúnas Ainm** ☐ Ceann AMHÁIN díobh seo: Ceadúnas Tiomána Reatha Bailí AE nó Pas.	**Cruthúnas Seoladh** ☐ Cáipéis/Litir le d'ainm, seoladh agus dátaithe níos lú ná 6 mhí m.sh. Bille Teaghlaigh/Ráiteas Bainc.	**Cruthúnas UPSP** ☐ Cáipéis/litir le d'ainm agus UPSP m.sh Cárta Seirbhíse Poiblí (Aghaidh agus Droim)/ Cáipéis Ioncaim.

Sa chás gur Mionaoiseach an t-iarratasóir (faoi bhun 18 mbliana d'aois), teastaíonn an méid seo a leanas, má roghnaítear rogha B (táirgí Coigiltis Stáit eile) i bPainéal B.

Painéal F Comhlánaithe - Sonraí Tuismitheora/Caomhnóra ☐	**Cruthúnas ar Thuismíocht/ Caomhnóireacht** ☐	**Cruthúnas ar Ainm an Tuismitheora /Caomhnóra** ☐	**Cruthúnas ar Sheoladh an Tuismitheora/ Caomhnóra** ☐

COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

PAINÉAL F | SONRAÍ TUISMITHEORA/CAOMHNÓRA le comhlánú sa chás gur roghnaíodh 'B) Táirge Coigiltis Stáit Eile' i Painéal B agus gur Mionaoiseach (faoi bhun 18 mbliana d'aois)

Teideal*

An tUasal ☐ Bean ☐ Iníon ☐ Ms ☐ Mx ☐

Céadainm*

Ainm Láir

Sloinne*

Dáta breithe* L L M M B B B B

Tír bhreithe*

Náisiúntacht*

Seoladh - líne 1*

Seoladh - líne 2

Cathair/Baile*

Contae*

Tír*

Éirchód

PAINÉAL G | SÍNIÚ TUISMITHEORA/CAOMHNÓRA le comhlánú do GACH iarratas nuair is Mionaoiseach an t-iarratasóir (níos lú ná 18 mbliana)

Síniú an tuismitheora/chaomhnóra ainmnithe*

X

Dáta* L L M M B B B B

Tábhachtach – Tríd an bhfoirm iarratais seo a shíniú agus a chur isteach, tá tú ag aontú leis na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta reatha agus na Coinníollacha Sonracha. Tá cóipeanna ar fáil ar statesavings.ie agus i ngach oifig an phoist.

NÓTAÍ Tugann an sliocht seo a leanas achoimre ar dhá cheann de na Coinníollacha ó na "Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta agus na Coinníollacha Sonracha" reatha.

2. FIANAISE AITHEANTAIS & FAISNÉIS EILE

2.1 Iarrtar ort d'aitheantas a dheimhniú dúinn (lena n-áirítear do shloinne, do chéadainm, do dháta breithe agus do sheoladh) ó am go ham chun críocha:

(a) an Chomhaontaithe (aon Idirbheart san áireamh);

(b) riarachán do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Tairgí Coigilteas Stáit na hÉireann eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo, agus

(c) cúinsí dlí lena mbaineann, lena n-áirítear comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla maidir le cosc ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí agus maidir le haon treoir a eisíonn comhlachtaí rialála ábhartha, agus maidir le slándáil cuntais agus cosc calaoise.

2.2 Tig linn d'aitheantas a fhíorú:

(a) go leictreonach (trí thagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a thug tú, lena n-áirítear d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)); nó

(b) de láimh (trí thagairt a dhéanamh do cháipéisíocht bhunaidh nó cóip dheimhnithe inghlactha a chuir tú ar fáil, lena bhféadfaí a áireamh do phas reatha, ceadúnas tiomána AE reatha, bille fóntais le déanaí, ráiteas bainc le déanaí ó bhanc, cumann foirgníochta nó comhar creidmheasa, do Chárta Seirbhísí Poiblí agus/nó cáipéisíocht oifigiúil eile a d'eisigh na Coimisinéirí Ioncaim nó an an Roinn Coimirce Sóisialaí duit.)

2.3 I gcás nár thug tú fianaise aitheantais sásúil chun na gcríoch atá leagtha amach i gcoinníoll 2.1, cuirfimid é sin in iúl duit agus ní rachaimid ar aghaidh le d'iarratas chun an Táirge a cheannach go dtí go mbeidh do chéannacht deimhnithe chun ár sástachta.

2.4 Is féidir go n-éileoimis ort faisnéis áirithe eile a sholáthar dúinn faoi do náisiúntacht, stádas fostaíochta, foinse cistí (m.sh. coigilteas nó ioncam) agus faisnéis eile chun críocha chomhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla maidir le cosc ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí agus maidir le haon treoir a eisíonn comhlachtaí rialála ábhartha.

2.5 Áit a n-éilítear ort faisnéis a sholáthar de bhun choinníoll 2.4 agus nach bhfuil sé sin déanta agat cuirfimid comhairle ort agus ní leanfaimid ar aghaidh le d'iarratas ar Tháirge a cheannach go dtí go soláthraítear an fhaisnéis a iarrtar dúinn.

3. SONRAÍ PEARSANTA

3.1 Leagann an coinníoll 3 seo (Sonraí Pearsanta) amach achoimre de na sonraí pearsanta a d'fhéadfaimis a phróiseáil fút féin i dtaca leis na Táirgí, mar aon le hachoimre ar do chearta um chosaint sonraí. Tá cóip iomlán dár Ráiteas Cosanta Sonraí Coigilteas Stáit na hÉireann ar fáil ag statesavings.ie/help-support/help-articles/state-savings-data-protection-statement. Dá mb'fhearr leat cóip chrua den Ráiteas Cosanta Sonraí Coigilteas Stáit a fháil is féidir leat scríobh chugainn freisin chun cóip a iarraidh ag Oifigeach Cosanta Sonraí, Coigilteas Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.

3.2 Is é an GBCN Rialaitheoir (mar a shainítear é sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), agus chun na críche sin) na sonraí pearsanta ar fad a thugann tú. Is 'comhlacht sonraithe' atá san Aire Airgeadais agus sa GBCN chun críocha ailt 262 go 270 agus sceideal 5 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, arna leasú, faoina bhfuil údarás ag an GBCN agus ag an Aire Airgeadais sonraí pearsanta a phróiseáil, UPSP san áireamh, chun críocha áirithe.

3.3 Baileoimid, próiseálfaimid agus úsáidfimid sonraí pearsanta a bhaineann leat, lena n-áirítear do UPSP agus an fhaisnéis dá dtagraítear i gcoinníoll 2 (Fianaise Aitheantais & Faisnéis Eile):

(a) de réir mar is gá chun an Comhaontú (aon Idirbheart san áireamh) a fheidhmiú;

(b) i gcomhair riarachán do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Tairgí Coigilteas Stáit na hÉireann eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo, agus

(c) i gcomhair cúinsí dlí lena mbaineann, lena n-áirítear comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla maidir le cosc ar sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí agus maidir le haon treoir a eisíonn comhlachtaí rialála ábhartha, agus maidir le slándáil cuntais agus cosc calaoise.

3.4 Admhaíonn tú bailiúchán, próiseáil agus úsáid do chuid sonraí pearsanta (do UPSP san áireamh) chun na críocha arna leagan amach in 3.3.

3.5 Tig linn féin, lenár nGníomhairí agus aon soláthraithe seirbhíse tríú páirtí ag feidhmiú ar ár son sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche an Chomhaontaithe agus chun críocha dlí lena mbaineann agus chun aon chríche eile a bhaineann le feidhmíocht an Chomhaontaithe nó aon ní eile a bhaineann leis go réasúnach.

3.6 Coinneoimid do chuid sonraí pearsanta chomh fada is a bhíonn sealúchas agat le Coigilteas Stáit na hÉireann agus seachas sin de réir an dlí um chosaint sonraí agus na hoibleagáidí reachtúla infheidhmithe (lena n-áirítear reachtaíocht a bhaineann le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoirí).

3.7 Faoi réir do thola, tig linn, nó lenár nGníomhairí, do shonraí pearsanta a úsáid chun críche margaíocht a dhéanamh ar Tháirgí Coigilteas Stáit na hÉireann. I gcás go bhfuil níos mó ná Táirge amháin agat, beidh feidhm ag na sainroghanna is déanaí a thug tú le fios ar gach Táirge atá agat lena mbaineann na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta.

3.8 Faoi réir eisceachtaí áirithe i ngach cás, tá sé de cheart agat rochtain a iarradh agus cóip a fháil de do chuid sonraí pearsanta a choinnímid de réir an GDPR, do chuid sonraí pearsanta a cheartú i gcás go bhfuil siad míchruinn nó míthreorach, srianadh a iarraidh maidir leis an úsáid a bhaintear as do shonraí pearsanta, do thoiliú a aistarraingt maidir le próiseáil do shonraí pearsanta, áit a mbraithimid ar do thoiliú chun iad a phróiseáil, do chuid sonraí pearsanta a scriosadh, agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil do chuid sonraí pearsanta, iniomparthacht na sonraí i ndáil le do chuid sonraí pearsanta a iarradh. Más mian leat úsáid a bhaint as ceann ar bith de na cearta seo, déan teagmháil leis an Oifigeach um Chosaint Sonraí, Coigilteas Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.

Tá sé de cheart agat freisin gearán a dhéanamh le an Coimisiún um Chosaint Sonraí. Feic Dataprotection.ie i gcomhair tuilleadh eolais.